

## **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

Foilsíú folúntais maidir le post an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí

COM/2024/20107

### **Cé sinn**

Is le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE<sup>1</sup> a dhéantar foráil maidir le post an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Leis an Rialachán sin bunaítear na prionsabail, cearta agus oibleagáidí faoina bpróiseálann institiúidí, comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus oifigí an Aontais Eorpaigh sonraí pearsanta chun a áirithiú go gcomhlíonann siad cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine aonair, agus go háirithe a gcearta chun cosanta sonraí agus chun príobháideachais. Is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (an Maoirseoir) atá i gceannas ar an údarás maoirseachta neamhspleách a áiritheoidh go gcuirfear forálacha an Rialacháin sin chun feidhme i gceart. Tá sé nó sí go hiomlán neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid nó a cuid dualgas.

Tá foráil déanta i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2025 maidir le buiséad iomlán tuairim agus EUR 24,3 milliún agus maidir le tuairim agus 148 mball foirne don údarás maoirseachta.

Is sa Bhruiséil atá suíomh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

### **An tairiscint**

Post an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Déanann an Maoirseoir faireachán agus forfheidhmiú ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1725. Chuige sin, chomhlíonfaidh sé/sí na dualgais dá bhforáiltear agus feidhmeoidh sé/sí na cumhachtaí a dheonaítear leis an Rialachán sin. Ina theannta sin, cuirfidh sé/sí comhairle ar institiúidí agus comhlachtaí den Aontas Eorpach agus ar ábhair sonraí maidir le cúrsaí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.

Go ginearálta, tá an Maoirseoir freagrach as a áirithiú go dtugann institiúidí, comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus oifigí an Aontais Eorpaigh urraim do chearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha, agus dá chearta chun cosanta sonraí agus chun príobháideachais go háirithe, maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Déanann sé/sí faireachán ar chur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin agus aon ghnímh eile de chuid an Aontais Eorpaigh a bhaineann le cosaint ceart bunúsach agus saoirsí bunúsacha daoine aonair maidir le hinstitiúid, comhlacht, gníomhaireacht nó oifig de chuid an Aontais Eorpaigh a bheith ag próiseáil sonraí pearsanta, agus déanann sé/sí an cur chun feidhme sin a áirithiú.

**Is féidir cur síos a dhéanamh ar thascanna an Mhaoirseora mar a leanas:**

<sup>1</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- déanfaidh sé faireachán agus forfheidhmiú ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1725 ag institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, cé is moite de phróiseáil sonraí pearsanta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus í ag gníomhú ina cáil bhreithiúnach di;
- cuirfidh sé feacht agus tuiscint i measc an phobail chun cinn maidir leis na rioscaí, na rialacha, na coimircí agus na cearta a bhaineann le próiseáil (tabharfar aird ar leith ar ghníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le leanaí);
- déanfaidh sé feacht maidir lena n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2018/1725 a chur chun cinn i measc rialaitheoirí agus próiseálaithe;
- arna iarraidh sin, soláthróidh sé faisnéis d'aon ábhar sonraí maidir lena gcearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725 agus, i gcás inarb iomchuí, comhoibreoidh sé leis na húdaráis mhaoriseachta náisiúnta chun na críche sin;
- déileálfadh sé le gearáin arna dtaisceadh ag ábhar sonraí, nó ag comhlacht, eagraíocht nó comhlachas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725, agus déanfaidh sé imscrúdú, a mhéid is iomchuí, ar ábhar an ghearáin agus déanfaidh sé an gearánach a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn agus toradh an imscrúdaithe laistigh de thréimhse réasúnta, go háirithe más gá imscrúdú breise a dhéanamh nó más gá comhordú breise a dhéanamh le húdaráis maoirseachta eile;
- déanfaidh sé imscrúduithe ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1725, lena n-áirítear ar bhonn faisnéis a fuarthas ó údarás maoirseachta eile nó ó údarás poiblí eile;
- cuirfidh sé comhairle, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin air, ar institiúidí agus ar chomhlachtaí uile an Aontais maidir le bearta reachtacha agus riaracháin a bhaineann le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta;
- déanfaidh sé faireachán ar fhorbairtí ábhartha, sa mhéid go bhfuil tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta, go háirithe forbairtí i dteicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide;
- glacfaidh sé na clásail chonarthaigh chaighdeánacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2018/1725;
- bunóidh sé agus coimeádfaidh sé liosta i ndáil leis an gceanglas le haghaidh measúnú tionchair a dhéanamh ar chosaint sonraí de bhun Rialachán (AE) 2018/1725;
- glacfaidh sé páirt i ngníomhaíochtaí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí;
- cuirfidh sé rúnaíocht ar fáil don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 75 de Rialachán (AE) 2016/679;
- tabharfaidh sé comhairle maidir leis an bpróiseáil dá dtagraítear in Airteagal 40(2) de Rialachán (AE) 2018/1725;
- údaróidh sé na clásail chonarthaigh agus na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 48(3) de Rialachán (AE) 2018/1725;
- coimeádfaidh sé taifid inmheánacha ar sháruithe ar Rialachán (AE) 2018/1725 agus ar na bearta arna ndéanamh;
- comhlíonfaidh sé aon chúram eile a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta;
- bunóidh sé a chuid nó a cuid Rialacha Nós Imeachta.

### **Cad atá á lorg againn (na critéir roghnúcháin)**

Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith ag na hiarrthóirí:

#### **Scileanna bainistíochta**

- an cumas fíis a fhorbairt agus a chur in iúl, smaoineamh ar bhealach uilíoch maidir le córais agus próisis, agus moltaí coincreíteacha agus réitigh phraiticiúla a mholadh;
- taithí ardbhainistíochta agus na scileanna ceannaireachta is gá chun foireann an-speisialaithe saíneolaithe um chosaint sonraí agus buiséad na foirne sin a bhainistiú, chomh maith le pobal páirtithe leasmhara éagsúla.

## **Sainscileanna agus saintaithí**

- taithí chruthaithe ar shaincheisteanna cosanta sonraí, bíodh sé mar bhall d'údarás maoirseachta um chosaint sonraí nó in eagraíocht mhór phríobháideach nó phoiblí;
- taithí phraiticiúil maidir le rialacha cosanta sonraí a chur chun feidhme agus maidir lena áirithiú go gcomhlíontar iad, taithí a fuarthas, más féidir, in eagraíochtaí móra san earnáil phríobháideach nó phoiblí;
- taithí ar mheasúnú a dhéanamh ar thionchar bhearta de chuid an Aontais Eorpaigh i réimse na cosanta sonraí ar shaoránaigh, fiontair agus údaráis phoiblí na hEorpa.

## **Buanna pearsanta**

- taithí ar chumarsáid agus líonrú, chun ionadaíocht a dhéanamh don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar na leibhéil is airde agus chun caidrimh éifeachtacha a fhorbairt agus a choinneáil ar bun le páirtithe leasmhara in institiúidí eile de chuid an Aontais Eorpaigh, sna Ballstáit, i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile;
- an cumas gníomhú leis an neamhspleáchas agus an rúndacht ghairmiúil is gá.

## **Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh (ceanglais incháilitheachta)**

Ní chuirfear san áireamh le haghaidh na céime roghnúcháin ach iarrthóirí a chomhlíonfaidh na ceanglais fhoirmiúla seo a leanas **faoin sprioc-am maidir le hiarratais**:

- **Náisiúntacht**: ní ghlacfar le hiarratas ach ó dhaoine a bhfuil saoránacht ceann de na Ballstáit acu.
- **Céim ollscoile nó dioplóma**: ní mór d'iarrthóirí:
  - leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;
  - sin nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí dar fad bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).
- **Taithí ghairmiúil**: ní mór d'iarrthóirí 15 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil iarchéime a bheith acu<sup>2</sup> ar leibhéal ar féidir le duine tosú air ach na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas a bheith aige. Ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil sin a bheith faighte i réimse atá ábhartha do ghníomhaíochtaí an Mhaoirseora.

---

<sup>2</sup> Ní chuirfear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhair atá i gceist léi, caidreamh arb é an sainmhíniú atá air fíorobair a bhfuarthas pá aisti i gcáil fostaí (ar aon chineál conartha) nó soláthraí seirbhíse. Gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha, is ar bhonn pro rata a dhéanfar iad a ríomh, de réir an chéatadán dheimhnithe de na huairéanta lánaimseartha a d'oibrigh an t-iarrthóir. Cuirtear san áireamh saoire mháithreachais/saoire tuismitheora/saoire chun páiste a uchtú, más faoi chuimsiú conradh oibre atá sí. Is cuid den taithí ghairmiúil í dochtúireacht, fiú amháin nuair nach dochtúireacht ar pá í, ach tá uastréimhse 3 bliana i gceist leis sin, agus ní mór an dochtúireacht a bheith curtha i gcrích. Ní féidir aon tréimhse ar leith a chomhaireamh ach uair amháin.

- Taithí bhainistíochta: ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil iarchéime a bheith faighte i ról bainistíochta ardleibhéil<sup>3</sup> i réimse atá ábhartha don phost seo.
- Teangacha: ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh<sup>4</sup> agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh go gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Mar chuid den tástáil chéanna d'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin.

## Roghnúchán agus ceapachán

Ceapfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle de thoil a chéile an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar feadh téarma 5 bliana bunaithe ar liosta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún Eorpach tar éis glao poiblí ar iarrthóirí.

Tarraingeoidh an Coimisiún Eorpach suas an liosta sin de réir a nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta (féach an Doiciméad Tiomsúcháin ar Bheartas Oifigeach Sinsearach<sup>5</sup>). Chuige sin, bunóidh sé painéal réamhroghnúcháin a dhéanfaidh measúnú ar na hiarratais ar fad i gcomparáid leis na critéir roghnúcháin atá luaite thuas agus sainaithneoidh sé na hiarrthóirí is mó a dtagann a bpróifíl leis na critéir incháilitheachta le haghaidh phost an Mhaoirseora. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do na hiarrthóirí sin agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

Tar éis na n-agallamh sin, déanfaidh an painéal réamhroghnúcháin a gcuid conclúidí a tharraingt suas, agus molfaidh siad liosta iarrthóirí le haghaidh agallaimh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapachán. Cuirfidh an Coiste Comhairleach um Cheapachán conclúidí an phainéil réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh leis an gCoiste Comhairleach um Cheapachán dóibh, glacfaidh siad páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán agus a reáchtálfaidh comhairleoirí earcaíochta seachtracha.

Agus na torthaí ón bpainéal réamhroghnúcháin á gcur san áireamh, chomh maith le toradh na n-agallamh leis an gCoiste Comhairleach um Cheapachán, tarraingeoidh an Coimisiún Eorpach suas liosta ar a mbeidh triúr iarrthóirí ar a laghad. Is liosta poiblí a bheidh sa liosta iarrthóirí agus cuirfear ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle é. Ar bhonn an liosta sin arna tharraingt suas ag an gCoimisiún, féadfaidh an coiste inniúil i bParlaimint na hEorpa cinneadh a dhéanamh éisteacht a eagrú d'fhonn a chéad rogha a chur in iúl. Féadfaidh na hinstiitúidí sin a roghnú agallaimh eile a dhéanamh leis na hiarrthóirí a luaitear ar an liosta. Ní hionann duine a bheith ar an liosta sin agus ráthaíocht a bheith aige go gceapfar é.

## Comhdheiseanna

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, cuireann na hInstitiúidí Eorpacha beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

<sup>3</sup> Maidir leis na blianta uile ina bhfuair na hiarrthóirí taithí bhainistíochta, ba cheart dóibh a léiriú go soiléir ina curriculum vitae: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu agus na poist sin acu; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) an líon sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) líon na bpiaraí.

<sup>4</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701>

<sup>5</sup> [https://commission.europa.eu/jobs-european-commission/job-opportunities/managers-european-commission\\_ga#vacancies](https://commission.europa.eu/jobs-european-commission/job-opportunities/managers-european-commission_ga#vacancies) (ar fáil i mBéarla amháin)

## **Coinníollacha fostaíochta**

Leagtar síos na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Is in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2018/1725 a leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear feidhmíocht dhualgais an Mhaoirseora, lena n-áirítear na tuarastail, liúntais agus aon sochar eile in ionad luach saothair. I ndáil leis sin, measfar an Maoirseoir a bheith ar aon chéim le breitheamh de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh<sup>6</sup>.

Is le haghaidh sainordú 5 bliana a cheapfar an Maoirseoir; féadfar an tréimhse oifige a athnuachan aon uair amháin.

Is sa Bhruiséil atá an t-ionad oibre.

## **Eolas tábhachtach d'iarrthóirí**

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar aon duine eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil lena mbaineann.

## **Cosaint sonraí pearsanta**

Cinntoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

## **Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna**

Sula rachaidh an Maoirseoir a roghnófar i mbun a chuid dualgas, beidh air dearbhú a thabhairt go bhfuil sé tiomanta do bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal, agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá aige a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

## **Nós imeachta um iarratais**

Sula gcuirfidh tú an t-iarratas isteach, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann tú gach ceann de na ceanglais incháilitheachta ('Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh'), go háirithe iad siúd a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, leis an taithí ghairmiúil ardleibhéil agus leis an acmhainn teangacha atá ag teastáil. Má bhíonn aon cheann de na riachtanais incháilitheachta gan comhlíonadh, eisiafar an t-iarrthóir go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas a leanúint:

<https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/>

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárúchán a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

---

<sup>6</sup> Is é a bheidh sa bhuntuarastal míosúil an méid a bheidh ann mar thoradh ar an gcéatadán seo a leanas a chur i bhfeidhm ar bhuntuarastal oifigigh den Aontas Eorpach atá ar an tríú céim de ghrád 16: Breitheamh: 112,5 %.

Chun iarratas a chríochnú, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass<sup>7</sup> más féidir, agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

**Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar trí ríomhphost.** Má bhíonn tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig: [HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu](mailto:HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu)

Is fútsa atá sé do chlárúchán ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeidh sé críochnaithe agat, rud a d'fhágfadh go mbeidh ort an próiseas iomlán a dhéanamh athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlacfar le clárúcháin dhéanacha.

## Dáta deiridh

Is é an **18/07/2024, 12.00 meán lae, am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.

---

<sup>7</sup> Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: <https://europa.eu/europass/ga/create-europass-cv>